

EBA/GL/2023/09

15 Nollaig 2023

Treoirlínte

maidir le measúnú ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin, ina n-iomláine, de chuid seirbhíseoirí creidmheasa faoi Threoir (AE) 2021/2167

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dTreoirínte seo

1. Tá Treoirínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirínte a chomhlíonadh.
2. Leagtar amach i dtreoirínte tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ina bhfuil feidhm ag Treoirínte a bheith comhlíontach trí na Treoirínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó trína bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil na Treoirínte dírithe go príomha ar institiúidí.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna le neamhchomhlíonadh ar shlí eile a sholáthar, faoin 27.05.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt "EBA/GL/2023/09" a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údaráis inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Sonraítear sna Treoirlínte seo na ceanglais faoi Airteagal 5(1)(c) de Threoir (AE) 2021/2167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² maidir le heolas agus taithí leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin ina iomláine de chuid seirbhíseoirí creidmheasa, lena n-áirítear na critéir le haghaidh an mheasúnaithe agus an phróisis mheasúnaithe.

Seolaithe

6. Díritear na Treoirlínte seo ar:
 - a. údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (údarás ÚBE) a ainmnítear freisin de bhun Airteagal 21(3) de Threoir (AE) 2021/2167. Beidh feidhm acu a mhéid a ainmníodh na húdaráis sin mar údaráis atá inniúil chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na bhforálacha sin den Treoir sin lena mbaineann na Treoirlínte seo a áirithiú; agus
 - b. údaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) de Threoir (AE) 2021/2167; agus
 - c. seirbhíseoirí creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(8) de Threoir (AE) 2021/2167.

Raon feidhme

7. Tá feidhm ag na Treoirlínte maidir le seirbhíseoirí creidmheasa uile cheart an chreidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa neamhthuillmheach, nó an chomhaontaithe creidmheasa neamhthuillmhigh féin, arna eisiúint ag institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas. Os a choinne sin, níl feidhm ag na Treoirlínte maidir le heintitis a liostaítear in Airteagal 2(5)(a) de Threoir (AE) 2021/2167.
8. Tá feidhm ag na Treoirlínte maidir leis an measúnú ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin ina iomláine de chuid seirbhíseoirí creidmheasa chun gnó a dhéanamh ar bhealach atá inniúil agus freagrach faoi Airteagal 5(1)(c) de

²Treoir (AE) 2021/2167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2021 maidir le seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE (IO L 438, 8.12.2021, lgh. 1-37).

Threoir (AE) 2021/2167. I gcás ina bhfuil an t-orgán comhdhéanta de bhainistíocht agus d'fheidhm mhairseachta, tá feidhm ag na Treoirínte maidir leis an dá fheidhm.

9. Ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa cloí leis na Treoirínte. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonann seirbhíseoirí creidmheasa na Treoirínte seo.

Sainmhínte

10. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna Treoirínte le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2021/2167. Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirínte seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

Comhalta	arb ionann é agus comhalta den orgán bainistíochta nó riaracháin atá beartaithe nó ceaptha, lena n-áirítear ionadaithe a ghníomhaíonn thar ceann daoine dlítheanacha ar comhalta den orgán bainistíochta nó riaracháin é.
Orgán bainistíochta nó riaracháin	arb ionann é agus orgáin an tseirbhíseora creidmheasa, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bhfuil sé de chumhacht acu straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán na hinstiúide a shocrú, agus a dhéanann mairseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta agus lena n-áirítear na daoine a stiúran gnó na hinstiúide go héifeachtach.
Orgán bainistíochta nó riaracháin ina fheidhm bhainistíochta	arb ionann é agus orgáin an tseirbhíseora creidmheasa, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bhfuil sé de chumhacht acu straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán na hinstiúide a shocrú, agus lena n-áirítear na daoine a stiúran gnó na hinstiúide go héifeachtach.
Orgán bainistíochta nó riaracháin ina fheidhm mhairseachta	arb ionann é agus an t-orgán bainistíochta nó riaracháin ag gníomhú dó ina ról maidir le mairseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht na bainistíochta.

3. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

11. Beidh feidhm ag na Treoirínte seo ón 27.06.2024.

4. Treoirlínte maidir le measúnú a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin ina iomláine

1 Prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm

12. Ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa a méid, a n-eagrúchán inmheánach agus cineál, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach a n-orgán bainistíochta agus riaracháin ina iomláine agus nuair a bhíonn beartais ghaolmhara agus próisis ghaolmhara á bhforbairt agus á gcur chun feidhme lena n-áirithítear go gcomhlíontar na ceanglais. Ba cheart beartais agus próisis ní ba shofaisticiúla a bheith i bhfeidhm ag seirbhíseoirí creidmheasa a fhreastalaíonn ar phunanna móra creidmheasa nó creidmheasa níos casta, agus ag an am céanna féadfaidh seirbhíseoirí creidmheasa níos lú a sholáthraíonn creidmheas nach bhfuil chomh casta sin beartais agus próisis níos simplí a chur chun feidhme.
13. Chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus chun cur chun feidhme iomchuí cheanglais rialachais Threoir (AE) 2021/2167 a áirithiú mar a shonraítear a thuilleadh leis na Treoirlínte seo, ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa agus d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas a chur san áireamh:
 - a. méid an tseirbhíseora creidmheasa mar a léirítear le líon na foirne;
 - b. méid an fhiachais agus líon na gcomhaontuithe seirbhísithe creidmheasa a mbainistíonn an seirbhíseoir creidmheasa iad;
 - c. foirm dhlíthiúil an tseirbhíseora creidmheasa;
 - d. cibé an bhfuil an seirbhíseoir creidmheasa liostaithe nó nach bhfuil;
 - e. cibé an bhfuil nó nach bhfuil an seirbhíseoir creidmheasa ina chuid de ghrúpa atá faoi réir Threoir 2013/36/AE ar bhonn comhdhlúite agus, má tá, an measúnú comhréireachta le haghaidh an ghrúpa;
 - f. an ndéantar gníomhaíochtaí trasteorann agus méid na n-oibríochtaí i ngach dlínse;

- g. cineál agus castacht na ngníomhaíochtaí gnó uile a ndéanann an seirbhíseoir creidmheasa iad, mar aon le struchtúr eagraíochtúil an tseirbhíseora creidmheasa; agus
- h. raon feidhme agus castacht na socruithe seachfhoinsithe nó soláthair seirbhíse atá ann cheana le soláthraithe seirbhísí creidmheasa eile.

2 Measúnú seirbhíseoirí creidmheasa ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach chomhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin

14. Ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa a áirithiú go bhfuil eolas agus taithí leordhóthanach i gcónaí ag a n-orgán bainistíochta nó riaracháin ina iomláine chun a dhualgais a chomhlíonadh agus chun gnó a dhéanamh ar bhealach atá inniúil agus freagrach. I gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) de Threoir (AE) 2021/2167, ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa a áirithiú go bhfuil dea-cháil ar gach comhalta de na horgáin sin.
15. Seirbhíseoirí creidmheasa, lena n-áirítear gnólachtaí a dhéanann iarratas ar údarú faoi Theideal II, Caibidil I de Threoir (AE) 2021/2167, ba cheart dóibh measúnú nó athmheasúnú a dhéanamh, go háirithe:
 - a. nuair a bheadh iarratas ar údarú á dhéanamh acu sula dtosódís ar a gcuid gníomhaíochtaí;
 - b. dá dtarlódh athruithe ábhartha ar chomhdhéanamh an orgáin bainistíochta nó riaracháin, lena n-áireofaí:
 - i. agus comhaltaí nua den orgán bainistíochta nó riaracháin á gceapadh; agus
 - ii. sa chás go bhfágfadh comhaltaí an t-orgán bainistíochta nó riaracháin;
 - c. sa chás go ndéanfaí athruithe ábhartha ar an tsamhail ghnó, ar na bunfhorálacha dlíthiúla nó ar na teicneolaíochtaí a bheadh in úsáid.
16. Ba cheart measúnuithe eolais agus taithí chomhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin, ina n-iomláine, a dhéanamh sula gceapfar na comhaltaí aonair. I gcás inarb infheidhme, ba cheart don orgán bainistíochta nó riaracháin ina fheidhm mhaoirseachta a bheith freagrach as an measúnú deiridh a chur i gcrích.
17. De mhaolú ar mhír 16, féadfar na measúnuithe ar oiriúnacht chomhchoiteann a dhéanamh, gan dochar don dlí náisiúnta, tar éis cheapadh an chomhalta den orgán bainistíochta nó riaracháin in aon cheann de na cásanna seo a leanas ar thug an seirbhíseoir creidmheasa údar cuí ina leith:

- a. sa chás go ndéanann scairshealbhóirí, úinéirí nó comhaltaí an tseirbhíseora creidmheasa comhaltaí den orgán bainistíochta nó riaracháin a ainmniú agus a cheapadh ag cruinniú na scairshealbhóirí nó ag cruinniú coibhéiseach nach bhfuil molta ag an seirbhíseoir creidmheasa ná ag an orgán bainistíochta nó riaracháin; agus
 - b. sa chás go gcuireann measúnú iomlán roimh cheapadh comhalta nó athrú ar chomhdhéanamh an orgáin bainistíochta nó riaracháin isteach ar fheidhmiú fóna an orgáin bainistíochta nó riaracháin, lena n-áirítear mar thoradh ar na cásanna seo a leanas:
 - i. sa chás inar gá comhaltaí a ionadú go tobann nó gan choinne, e.g. mar gheall ar bhás comhalta; agus
 - ii. sa chás inar gá comhalta a chur as oifig mar nach bhfuil an comhalta oiriúnach a thuilleadh.
18. Agus eolas agus taithí leordhóthanach á measúnú, ba cheart gach ábhar a bhaineann leis na measúnuithe agus atá ar fáil dóibh a chur san áireamh. Ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa breithniú a dhéanamh ar na rioscaí, lena n-áireofaí an riosca do chlú, a thioctadh chun cinn i gcás ina sainaitheofaí aon laigí a dhéanfadh difear d’oiriúnacht chomhchoiteann comhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin.
19. Ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa eolas agus taithí an chomhalta aonair den orgán bainistíochta nó riaracháin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar eolas comhchoiteann leordhóthanach agus ar thaithí chomhchoiteann leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin agus *vice versa*.
20. Ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa torthaí a measúnaithe a dhoiciméadú, agus go háirithe aon laigí arna sainaitheint idir an t-eolas is gá agus an t-eolas agus an taithí chomhchoiteann iarbhír atá ag comhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin, agus na bearta atá le déanamh chun na heasnaimh sin a shárú, lena n-áireofaí ionduchtú nó oiliúint atá le soláthar.
21. Is iad na seirbhíseoirí creidmheasa atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach thosaigh agus leanúnach an orgáin bainistíochta nó riaracháin agus ar dhea-cháil a gcomhaltaí.
22. Chun maoirseacht leanúnach iomchuí a áirithiú, ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi cheapadh beartaithe na gcomhaltaí nó, gan dochar don dlí náisiúnta, é a thabhairt le fios gan moill mhíchúí tar éis comhaltaí a cheapadh.
23. Nuair a bheidh measúnú déanta ag na húdaráis inniúla ar an eolas agus ar an taithí atá ag an orgán bainistíochta nó riaracháin de chuid seirbhíseoir creidmheasa nó de chuid seirbhíseoirí creidmheasa chun críocha maoirseachta, leanfaidh an fhreagracht as

oiriúnacht an orgáin bainistíochta nó riaracháin a mheasúnú agus a áirithiú de bheith ar an seirbhíseoir creidmheasa.

3 Critéir maidir le heolas agus taithí leordhóthanach comhaltaí aonair

24. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach an chomhlachta bainistíochta ina iomláine, ba cheart don seirbhíseoir creidmheasa measúnú a dhéanamh ar chomhaltaí aonair uile an orgáin chun a chruthú go mbeadh eolas agus taithí leordhóthanach acu le chéile chun feidhmiú éifeachtach an orgáin a áirithiú, lena n-áireofaí go mbeadh an cumas ag gach comhalta a thuairimí a chur i láthair agus straitéisí agus cuspóirí gnó a phlé, agus go mbainfeadh plé, dúshlán agus maoirseacht iomchuí le próisis chinnteoireachta chomhchoiteanna. Chun na críche sin, ba cheart líon leordhóthanach comhaltaí a bheith ann a mbeadh eolas acu i ngach réimse ábhartha chun go bhféadfaí cinntí a phlé.
25. Ba cheart tuiscint cothrom le dáta a bheith ag comhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin ar ghnó an tseirbhíseora creidmheasa agus ar na rioscaí go léir a bhaineann leis, ar leibhéal a bheadh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí. Áirítear leis sin tuiscint iomchuí ar na réimsí sin nach bhfuil comhalta aonair freagrach astu go díreach ach atá cuntasach i dteannta a chéile le comhaltaí eile an orgáin bainistíochta nó riaracháin. Is féidir eolas cothrom le dáta a bhaint amach trí oiliúint, trí thaithí ghairmiúil a ghnóthú agus trí thograí eile.
26. Ba cheart tuiscint shoiléir a bheith ag comhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin ar shocruithe rialachais an tseirbhíseora creidmheasa, ar a ról agus a bhfreagrachtaí faoi seach agus, i gcás inarb infheidhme, ar struchtúr an ghrúpa agus ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh eascairt astu.
27. Ba cheart do chomhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin a bheith in ann rannchuidiú le cultúr corparáideach agus riosca, luachanna corparáideacha agus iompraíocht chorparáideach iomchuí a chur chun feidhme laistigh den orgán bainistíochta nó riaracháin chun an gnó a dhéanamh ar bhealach inniúil agus freagrach.
28. Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh sa mheasúnú ar eolas agus taithí leordhóthanach:
 - a. ról agus dualgais an phoist agus na cumais riachtanacha;
 - b. an t-eolas a fuarthas trí oideachas, oiliúint agus cleachtas;
 - c. an taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fuarthas i bpoist roimhe seo agus i stiúrthóireachtaí reatha eile; agus

- d. an t-eolas agus an taithí atá faighte agus léirithe ag iompar gairmiúil an chomhalta.
29. Ba cheart leibhéal agus próifíl oideachas an chomhalta a chur san áireamh agus cibé acu a bhainfeadh nó nach mbainfeadh sí le seirbhísí baincéireachta agus airgeadais nó le réimsí ábhartha eile. Go háirithe, is féidir a mheas go ginearálta go bhfuil oideachas i réimsí na baincéireachta agus an airgeadais, na heacnamaíochta, an dlí, na cuntasáíochta, na hiniúcháireachta, an riaracháin, na rialála airgeadais, na teicneolaíochta faisnéise agus na modhanna cainníochtúla ábhartha d'earnáil na seirbhísí airgeadais.
30. Níor cheart an measúnú a bheith teoranta do leibhéal oideachais an chomhalta ná do chruthúnas ar thréimhse áirithe sheirbhíse le seirbhíseoir creidmheasa nó i ngnóilachtaí eile i réimsí atá freagrach as creidmheasanna agus as iasachtaí neamhthuillmheacha a bhainistiú. Ba cheart anailís ní ba chríochnúla a dhéanamh ar thaithí phraiticiúil an chomhalta maidir le gníomhaíochtaí an tseirbhíseora creidmheasa, toisc go mbraitheann an t-eolas a faightear ó ghairmeacha roimhe seo ar chineál, ar scála agus ar chastacht an ghnó chomh maith leis an bhfeidhm a ndearna an comhalta í laistigh díobh.
31. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach baill ar leith, ba cheart aird a thabhairt ar a dtaithí teoriciúil agus phraiticiúil a bhainfeadh le gníomhaíocht seirbhísithe creidmheasa, lena n-áirítear go háirithe:
- ceanglais ábhartha dlí agus rialála, lena n-áirítear ceanglais náisiúnta maidir le seirbhísí creidmheasa agus bailiú fiach;
 - nósanna imeachta um cheapadh, um dhócmhainneacht agus um fhéimheacht;
 - cosaint tomhaltóirí agus iasachtaithe;
 - ceanglais cosanta sonraí; agus
 - oibleagáidí maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, i gcás ina n-ainmnítear seirbhíseoirí creidmheasa mar eintitis faoi oibleagáid chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac faoi fhorálacha dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2015/849.
32. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach comhalta, ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar réimsí eolais ina mbeadh gá le tuiscint ghinearálta chun an tseirbhíseoir creidmheasa a bhainistiú ó lá go lá, lena n-áireofaí:
- measúnú ar éifeachtacht rialachas, ar fhorghoirseacht agus ar rialuithe inmheánacha an tseirbhíseora creidmheasa;
 - gníomhaíochtaí baincéireachta agus airgeadais;
 - dlí conarthach;

- d. cuntasáíocht agus iniúcháireacht;
 - e. faisnéis airgeadais a léirmhíniú, príomh-shaincheisteanna a shainithint bunaithe ar an bhfaisnéis sin, agus rialuithe agus bearta iomchuí; agus
 - f. eolas bainistíochta.
33. Agus measúnú á dhéanamh ar thaithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fuarthas ó phoist roimhe seo, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:
- a. cineál an phoist agus an leibhéal ordlathach;
 - b. fad na seirbhíse;
 - c. cineál agus castacht an ghnó lenar bhain an post, lena n-áirítear a struchtúr eagraíochtúil;
 - d. raon feidhme inniúlachtaí, cumhachtaí cinnteoireachta agus freagrachtaí an chomhalta;
 - e. an t-eolas teicniúil ábhartha a fuarthas sa phost;
 - f. líon na sóisearach; agus
 - g. eolas breise a fuarthas ó ghníomhaíochtaí acadúla.
34. I gcás inarb infheidhme, ba cheart comhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin atá ina bhfeidhm mhaoirseachta a bheith in ann agóid éifeachtach a dhéanamh i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag an orgán bainistíochta nó riaracháin ina fheidhm bhainistíochta agus faireachán a dhéanamh orthu.

4 Critéir chomhchoiteanna leordhóthanacha maidir le heolas agus taithí

35. Ba cheart eolas agus taithí leordhóthanach a bheith ag an orgán bainistíochta nó riaracháin ina iomláine chun gnó a dhéanamh ar bhealach inniúil agus freagrach de réir na ngníomhaíochtaí a dhéanann an seirbhíseoir creidmheasa agus cosaint agus cóir chothrom iasachtaithe á n-áirithiú.
36. Ba cheart go léireodh comhdhéanamh an orgáin bainistíochta nó riaracháin an t-eolas agus an taithí leordhóthanach ba ghá chun a fhreagrachtaí uile a chomhlíonadh. Áirítear leis sin tuiscint iomchuí an orgáin bainistíochta nó riaracháin ina iomláine ar na réimsí sin a bhfuil na comhaltaí cuntasach i dteannta a chéile ina leith agus chun a áirithiú go ndéantar gnó ar bhealach atá inniúil agus freagrach.

37. Ba cheart eolas agus taithí leordhóthanach a bheith ag an orgán bainistíochta nó riaracháin ina iomláine maidir leis na gnéithe a liostaítear faoi mhír 31 go mír 33 agus maidir leis an méid seo a leanas freisin:
- a. gníomhaíochtaí gnó uile an tseirbhíseora creidmheasa agus bainistiú na bpríomhrioscaí a bhaineann leo, lena n-áirítear calaois a bhrath agus a chosc i gcomhthéacs bainistiú riosca creidmheasa;
 - b. an timpeallacht dhlíthiúil agus rialála;
 - c. cuntasáocht agus tuairisciú airgeadais;
 - d. bainistiú riosca, comhlíonadh agus iniúchadh inmheánach;
 - e. rioscaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus rioscaí slándála TFC;
 - f. margaí áitiúla agus trasteorann, i gcás inarb infheidhme;
 - g. scileanna agus taithí bainistíochta; agus
 - h. pleanáil straitéiseach.
38. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas agus ar thaithí chomhchoiteann leordhóthanach³ an orgáin bainistíochta nó riaracháin, ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa measúnú ar leith a dhéanamh ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhmeanna bainistíochta agus maoirseachta. Leis an measúnú ar eolas agus ar thaithí chomhchoiteann leordhóthanach, ba cheart comparáid a dhéanamh idir an t-eolas agus an taithí leordhóthanach ba ghá a bheadh ag an orgán bainistíochta nó riaracháin ina iomláine agus eolas agus taithí chomhchoiteann iarbhir an orgáin bainistíochta nó riaracháin. Ba cheart go gcumhdódh an measúnú gníomhaíochtaí gnó uile an tseirbhíseora creidmheasa agus gnéithe eagraíochtúla ábhartha chomh maith leis na nósanna imeachta taobh thiar díobh.

5 Measúnú ar eolas agus ar thaithí comhaltaí aonair

39. Mar chuid den mheasúnú ar oiriúnacht an orgáin bainistíochta nó riaracháin, ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa measúnú a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí comhaltaí aonair. Chun na críche sin, ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa:

³ Is féidir sampla de mhodheolaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh táblaí measúnaithe maidir le hoiriúnacht chomhchoiteann a fháil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoirlínte Comhpháirteacha ÚBE agus ESMA maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus ar shealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus faoi Threoir 2014/65/AE, ach ba ghá iad a choigeartú chun go mbainfeadh siad le samhail ghnó seirbhíseora creidmheasa.

- a. faisnéis a bhailiú ar roinnt bealach agus trí úsáid a bhaint as ionstraimí éagsúla (e.g. dioplómaí agus teastais, litreacha moltaí, *curricula vitae*, agallaimh, ceistneoirí);
 - b. a cheangal ar an duine aonair measúnaithe faisnéis chruinn a sholáthar agus cruthúnas ar an bhfaisnéis sin a sholáthar, i gcás inar gá;
 - c. a bhailíochtú, a mhéid is féidir, cruinneas na faisnéise arna soláthar ag an duine aonair atá á mheasúnú;
 - d. i gcás inarb infheidhme, meastóireacht a dhéanamh laistigh den orgán bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta ar thorthaí an mheasúnaithe; agus
 - e. i gcás inar gá, na bearta ceartaitheacha is gá a shainaithint.
40. Ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa tuairisc a dhoiciméadú ar phost an chomhalta a ndearnadh measúnú ina leith, lena n-áirítear ról an phoist sin ag an seirbhíseoir creidmheasa, agus ba cheart dóibh torthaí an mheasúnaithe a shonrú i ndáil le heolas agus taithí agus torthaí an mheasúnaithe ar dhea-cháil faoi Airteagal 5(1)(b) de Threoir (AE) 2021/2167.

6 Measúnú a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach chomhchoiteann an orgáin bainistíochta nó riaracháin

41. I gcás inarb infheidhme, agus measúnú á dhéanamh acu ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach chomhchoiteann, ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa measúnú ar leith a dhéanamh ar chomhdhéanamh an orgáin bainistíochta ina fheidhmeanna bainistíochta agus ina fheidhmeanna maoirseachta.
42. Ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa measúnú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as a modheolaíocht iomchuí féin i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna Treoirínte seo agus na torthaí a dhoiciméadú.
43. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas agus ar thaithí comhalta, ba cheart do sheirbhíseoirí creidmheasa, laistigh den tréimhse chéanna, measúnú a dhéanamh freisin ar oiriúnacht chomhchoiteann an orgáin bainistíochta nó riaracháin. Go háirithe, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an eolas agus an taithí a dtugann an duine aonair don chomhlacht chomhchoiteann iad nó, i gcás comhalta a d'fhág an t-orgán bainistíochta nó riaracháin, ba cheart an t-eolas agus an taithí a d'fhéadfadh a bheith in easnamh tar éis athrú ar chomhdhéanamh an orgáin.

7 Bearta ceartaitheacha seirbhíseoirí creidmheasa

44. Más é tátal measúnaithe nó athmheasúnaithe seirbhíseora creidmheasa nach bhfuil an t-eolas ná an taithí leordhóthanach ag an orgán bainistíochta nó riaracháin ina iomláine, ba cheart don seirbhíseoir creidmheasa bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh go tráthúil.
45. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta ceartaitheacha iomchuí, ach gan bheith teoranta dóibh, na nithe seo a leanas: freagrachtaí a choigeartú idir comhaltaí; comhaltaí nua a ionadú; comhaltaí breise a earcú; baill aonair a chur faoi oiliúint; nó oiliúint don orgán bainistíochta i dteannta a chéile chun eolas agus chun taithí chomhchoiteann leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin a áirithiú.
46. Má shainníonn measúnú nó athmheasúnú seirbhíseora creidmheasa easnaimh inleasaithe go furasta ó thaobh eolas agus thaithí leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin, ba cheart don seirbhíseoir creidmheasa bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh chun na heasnaimh sin a shárú go tráthúil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trí oiliúint iomchuí a chur ar na comhaltaí aonair (orthu uile nó ar chomhaltaí aonair).
47. Nuair a bheartaíonn seirbhíseoir creidmheasa an t-údarú a iarraidh chun tús a chur lena gníomhaíochtaí, ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme sula n-iarrfaí an t-údarú.
48. In gcás ar bith, ba cheart na húdaráis inniúla a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon easnaimh ábhartha arna sainiú agus a bhainfeadh le haon duine de chomhaltaí an orgáin bainistíochta agus le comhdhéanamh comhchoiteann an orgáin bainistíochta. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin na bearta a rinneadh nó atá beartaithe chun na heasnaimh sin a leigheas mar aon leis an amlíne lena gcur chun feidhme.

8 Measúnú ag -údaráis inniúla

49. Ba cheart do na húdaráis inniúla na nósanna imeachta maoirseachta ab infheidhme a shonrú maidir le measúnú a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin ina iomláine ar sheirbhíseoirí creidmheasa agus ar dhea-cháil a chomhaltaí. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfí ar fáil go poiblí tuairisc ar na nósanna imeachta maoirseachta.
50. Ba cheart a áirithiú le nósanna imeachta maoirseachta go n-úsáidfear faisnéis a chuireann an seirbhíseoir creidmheasa ar fáil d'údaráis inniúla le linn an phróisis údaraithe de réir mar is iomchuí, i gcás inar féidir, chun measúnú a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach. Go háirithe, ba cheart a chur san áireamh sna nósanna imeachta maoirseachta cásanna ina ndéanann údaráis neamhairgeadais seirbhíseoirí creidmheasa a údarú nó a mhaoirsiú chun comhordú éifeachtúil a áirithiú.

51. Ba cheart d'údaráis inniúla a cheangal ar an seirbhíseoir creidmheasa liosta d'ainmneacha chomhaltaí an orgáin bainistíochta nó riaracháin agus a ról agus a bhfeidhmeanna faoi seach go hachomair, agus ráiteas ón seirbhíseoir creidmheasa maidir le toradh a mheasúnaithe fhoriomláin ar oiriúnacht chomhchoiteann an orgáin bainistíochta nó riaracháin ina iomláine. Ba cheart go n-áireofaí leis sin cur síos ar an gcaoi a léiríonn comhdhéanamh foriomlán an chomhlachta bainistíochta raon leathan leordhóthanach eolais agus taithí mar aon le haon bhearnaí nó laigí a shainaithe agus na bearta arna bhforchur chun aghaidh a thabhairt orthu sin.
52. Chun eolas agus taithí a mheasúnú, ba cheart don údarás inniúil ar a laghad *curriculum vitae* a éileamh ar gach comhalta den orgán bainistíochta nó riaracháin ina mbeadh sonraí faoina n-oideachas agus faoina dtaithe ghairmiúil lena n-áireofaí cáilíochtaí acadúla agus oiliúint ábhartha eile, ainm agus cineál na n-eagraíochtaí go léir lenar oibrigh an duine aonair sin agus cineál agus fad na bhfeidhmeanna a cuireadh i gcrích, agus béim shonrach á leagan ar aon ghníomhaíochtaí a thiocthadh faoi raon feidhme an phoist atá á lorg, lena n-áireofaí taithí bhaincúireachta agus bhainistíochta ach gan bheith teoranta dóibh sin.
53. Chun dea-cháil na gcomhaltaí a mheasúnú, ba cheart don údarás inniúil faisnéis a éileamh maidir leis an méid seo a leanas:
- taifid phóilíneachta nó a gcoibhéis náisiúnta eile i ndáil le cionta coiriúla ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 5 (b)(i) de Threoir (AE) 2021/2167;
 - imscrúduithe, imeachtaí forfheidhmiúcháin nó smachtbhannaí ag údarás maoirseachta ina raibh baint dhíreach nó indéireach ag an duine aonair;
 - clárú, údarú, ballraíocht nó ceadúnas chun trádáil, gnó nó gairm a dhéanamh a dhiúltú; nó clárú, údarú, ballraíocht nó ceadúnas a tharraingt siar, a chúlghairm nó a fhoirceannadh; nó comhlacht rialála nó rialtais nó comhlacht gairmiúil nó comhlachas gairmiúil a dhíbirt;
 - dífhostú as fostaíocht nó as post iontaobhais, as caidreamh muiníneach, nó as a mhacasamhail de chás, nó tar éis a iarraidh air éirí as fostaíocht i bpost den sórt sin (gan iomarcaíochtaí a áireamh); agus
 - cibé acu a rinne nó nach ndearna údarás inniúil eile measúnú ar dhea-cháil an duine (lena n-áirítear céannacht an údaráis sin, dáta an mheasúnaithe agus fianaise ar thoradh an mheasúnaithe sin).
54. Gan dochar d'Airteagal 5(1)(c) de Threoir (AE) 2021/2167 lena sonraítear an measúnú ar oiriúnacht na gcomhaltaí den orgán bainistíochta nó riaracháin i gcomhthéacs seirbhíseoir creidmheasa a údarú, ba cheart d'údaráis inniúla uastréimhse a leagan amach chun measúnú a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí leordhóthanach an orgáin bainistíochta nó riaracháin ina iomláine de chuid seirbhíseoirí creidmheasa agus ar dhea-cháil a chomhaltaí i gcás ina ndéanfar na measúnuithe sin tar éis údarú an tseirbhíseora

creidmheasa. I gcás ina gcruthaíonn údarás inniúil go bhfuil gá le doiciméadacht bhreise agus le faisnéis bhreise chun an measúnú a chur i gcrích, féadfar an tréimhse sin a chur ar fionraí ón uair a iarrann an t-údarás inniúil an doiciméadacht bhreise agus an fhaisnéis bhreise is gá chun an measúnú a chur i gcrích, go dtí go bhfaighfear an doiciméadacht agus an fhaisnéis sin.

55. Ba cheart d'údarás inniúla seirbhíseoirí creidmheasa a chur ar an eolas faoi chinneadh diúltach ar a laghad maidir leis an measúnú oiriúnachta a luaithe is féidir. I gcás ina bhforáiltear dó leis an dlí náisiúnta nó ina sainmhíníonn an t-údarás inniúil é mar chuid dá bpróisis mhaoirseachta, féadfar a mheas go ndearnadh cinneadh dearfach le tost, nuair a bheidh an uastréimhse don mheasúnú, dá dtagraítear i mír 54, curtha i gcrích agus nuair nach mbeidh cinneadh diúltach glactha ag an údarás inniúil.
56. Ba cheart do na húdarás inniúla a áirithiú go gceadódh a nósanna imeachta maoirseachta dóibh aghaidh a thabhairt ar chásanna de neamhchomhlíonadh an cheanglais go mbeadh eolas agus taithí leordhóthanach ag an orgán bainistíochta nó riaracháin ina iomláine.